Murchadh Ó Briain ó Chinn Choradh

[Donnchadh Ó Floinn, ‘Seachrán srianach, 1642’, *Irisleabhar Muighe Nuadhat* 1953, 19-20]

1 Murchadh Ó Briain ó Chinn Choradh,
fear dar chóir cosnamh Gaoidheal,
ag cur ’na n-aghaidh tharla:
ní hamhlaidh sin do síleadh.

2 Sluagh Gall ag an mbarún mBrianach -
seachrán srianach dá ríribh! -
agus Iarla Cuain an Chaisleáin
ag gabháil le clanna Mílidh.

3 Cócaire ag goid na feola
uaidh féin, ní móide a tharbha -
dála Murchaidh fón Mumhain:
níor chubhaidh d’fhior ’anma.

4 Ag cur i n-aghaidh fear nÉireann
do Mhurchadh chéibh-fhionn chúl-chas,
’na aon i n-aghaidh phobail,
dó níor obair dhúchais.

5 Do b’fhearr a gcur re chéile
’s na meoir shéimhe do shíneadh -
ordóg i n-aghaidh glaice
mur atá is maicne Mílidh.

6 Iarraim ar an aon-Dia fíre,
ó ’sé do-ríne ar saoradh,
go dtuga sé do Mhurchadh
leas a anma do dhéanamh.

7 A Mhurchaidh, fiafraigh d’Íobheall
ban-fháidh fíre do shleachta,
an mbiaid Goill díleas díbhsi
ag cur chríche ar bhur n-eachtra.